

Ceacht 2



A thuiscint go bhfuil dearcadh ag gach duine

Cuspóir Foghlama

Ba chóir go mbeadh na leanaí in ann a thuiscint go bhfuil dearcadh ag gach duine.

Toradh Foghlama

Ba chóir go mbeadh na leanaí in ann a thuiscint go bhfuil dearcadh ag gach duine, agus go bhfuil cúiseanna leis na dearcthaí éagsúla sin. Ba chóir go mbeadh na leanaí in ann dearcadh áirithe a chuirtear i láthair i bhfógra agus/nó in alt.

Nótaí an Mhúinteora

Ba chóir go mbeadh na leanaí in ann a thuiscint go bhfuil dearcadh ag gach duine, ach go háirithe agus na meáin ag dul i bhfeidhm orainn. Sa cheacht seo tá míniú agus léiriú ar conas a chuirtear dearcthaí éagsúla i láthair sna meáin, agus moltar bealaí ina bhféadfadh na leanaí iad a mheasúnú.

Acmhainní

- Gníomhaíocht 2.1
- Gníomhaíocht 2.2
- An físeán *Cad iad na Meáin Chumarsáide?*
- Fógraí ó shuíomh gréasáin MediaWise

Modheolaíocht

- Caint agus plé – Gníomhaíocht 2.2
- Comharfhoghlaim – Dearcadh sna Meáin
- Scileanna trí mheán an ábhair – An físeán *Cad iad na Meáin Chumarsáide?*



Cur Chuige

Céim 1: An físeán *Cad iad na Meáin Chumarsáide?*

- Cuir i gcuimhne do na leanaí gur bhreathnaigh siad ar fhíseán gearr maidir leis na meáin agus le fógraíocht sa cheacht deireanach.
- Fiafraigh de na leanaí an cuimhin leo cad é an sprioc atá ag na meáin.
- Seinn an físeán *Cad iad na Meáin Chumarsáide?* atá ar fáil ar shuíomh gréasáin MediaWise, www.MediaWise.ie
- Tar éis an fhíseáin, cuir i gcuimhne do na leanaí go ndéanann fógraíocht iarracht ceann de cheithre sprioc a bhaint amach:
 - Rud éigin a insint dúinn is gá dúinn a bheith ar eolas againn
 - Áitiú orainn táirge nó branda a cheannach
 - Áitiú orainn ár n-iompar a athrú
 - Dearcadh a chur chun cinn
- Míniú do na leanaí go leanfaidh siad orthu ag foghlaim faoi na meáin, agus inniu go ndíreoidh siad ar an sprioc dheireanach sa liosta thuas, ‘dearcadh a chur chun cinn’.



Físeán

Céim 2: An Cluiche is Fearr Leatsa

- Fiafraigh de na leanaí cad is dearcadh ann?

Seans go luafaidh siad gur bealach é chun breathnú ar thopaic, gur tuairim é atá ag daoine; nó gur smaoineamh é maidir le rud éigin.

- Ba cheart go ndéanfadh an múinteoir roinnt ráiteas agus iarraidh ar na leanaí a ndearcadh i leith na ráiteas sin a chur in iúl, mar shampla an aontaíonn siad nó an easaontaíonn siad leis na ráitis.
 - Ba chóir go mbeadh ar leanaí scoile éidí scoile a chaitheamh
 - Is sársmaoineamh é an obair bhaile chun cuidiú le leanaí a bheith ag foghlaim
 - Níor chóir go mbeadh gutháin phóca ag leanaí
 - Ba chóir go mbeadh na laethanta saoire scoile níos giorra ionas go mbeadh breis ama ag na leanaí a bheith ag foghlaim.
- Cibé acu an aontaíonn nó an easaontaíonn siad le gach ráiteas thuas, ba chóir do na leanaí cúis a thabhairt lena bhfreagra.
- Míniú do na leanaí gur léirigh siad dearcadh maidir le gach ráiteas.
- Míniú go bhfuil cúis ag gach duine lena ndearcadh, bunaithe ar na nithe a thaitníonn leo nó nach dtaitníonn leo, bunaithe ar na nithe a n-aontaíonn siad nó a n-easaontaíonn siad leo.
- Inis do na leanaí gur féidir leo Gníomhaíocht 2.1 a dhéanamh agus pictiúr a tharraingt den chluiche is fearr leo, mar shampla cluiche samhlaíochta, cluiche spóirt (peile nó iománaíocht mar shampla), feistis bhréige a chur orthu, cluiche le bréagáin, cluiche tógála nó cluiche ríomhaireachta.
- Míniú go ndéanann cluichí éagsúla daoine éagsúla sona ach is don duine féin a roghnú cén cluiche is fearr leo féin.

Gníomhaíocht 2.1
An cluiche is fearr fiosa níos

1	2	3	4	5

an t-ainm ar an gcluiche is fearr ná _____
an t-ainm ar an gcluiche is míshreabha ná _____
an t-ainm ar an gcluiche is míshreabha ná _____
an t-ainm ar an gcluiche is míshreabha ná _____
an t-ainm ar an gcluiche is míshreabha ná _____

Gníomhaíocht 2.1



Cur Chuige ar lean

Céim 3: Dearcadh sna Meáin

- Mínígh do na leanaí go ndéanann na meáin chumarsáide dearcthaí éagsúla a chur chun cinn.
- Inis dóibh gurb é ról na meán dearcthaí láidre a bheith acu ar thopaicí éagsúla, agus gurb é sprioc na meán a chur ina luí orainn aontú lena ndearcadh.
- Inis do na leanaí gur chóir dóibh cinneadh a dhéanamh cibé acu an aontaíonn siad nó an easaontaíonn siad leis an dearcadh a chuirtear chun cinn sna meáin.
- Mínígh do na leanaí go bhfuil siad chun cinneadh a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí cibé acu an aontaíonn nó an easaontaíonn siad le dearcadh a chuirtear chun cinn sna meáin.
- Mar ghníomhaíocht don rang iomlán, breathnóidh an rang ar fhógraí atá ar fáil ar shuíomh gréasáin MediaWise, www.MediaWise.ie
- Tar éis gach fógra, fiafraigh de na leanaí:
 - Cén dearcadh atá á chur chun cinn ag an bhfógra sin?
 - An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis an dearcadh sin? Cén fáth?
 - Cad a d'athrófaí mar gheall ar an bhfógra seo chun do dhearcadh féin a léiriú?
- Cuir i gcuimhne do na leanaí go mbíonn dearcthaí éagsúla á gcur chun cinn ag na meáin an t-am ar fad.
- Inis do na leanaí gurb é ról na meán dearcadh láidir a léiriú maidir le topaicí éagsúla, ach gur féidir leosan a chinneadh cibé acu an aontaíonn siad nó an easaontaíonn siad leis an dearcadh atá á chur chun cinn sna meáin.

Céim 4: Díospóireacht faoi na Meáin

- Fiafraigh de na leanaí an dóigh leo gur chóir cosc a chur le fógraíocht.
- Más dóigh leo nár chóir, cén fáth ar maith an smaoineamh é fógraíocht?
- Más dóigh leo gur chóir, cén fáth an aontaíonn nó an easaontaíonn siad le fógraíocht?
- Molfaidh an múinteoir go mbeidh díospóireacht ranga ann, agus déanfaidh an rang díospóireacht ar an rún seo a leanas: Ba chóir go ndéanfaí fógraíocht do leanaí a chosc.
- I mbeirteanna, i ngrúpaí ó i bhfoirne, iarr ar na leanaí taobh amháin a roghnú, i bhfabhar nó i gcoinne an rúin.
- Is féidir leo úsáid a bhaint as Gníomhaíocht 2.2 chun cuidiú leo struchtúr a chur ar a ndíospóireacht.
- Ba chóir don múinteoir smaoine a mholadh mar argóintí na díospóireachta, e.g. díríonn fógraíocht ar leanaí, ní féidir le leanaí a gcinntí féin a dhéanamh, is féidir tionchar a imirt go héasca ar leanaí, ba cheart leanaí a chosaint ar fhógraíocht, ní bheadh a fhios ag leanaí conas smaoineamh as a stuaim féin mura gcuideoidh fógróirí leo, etc.
- Ansin ba chóir an deis a thabhairt do gach foireann méid áirithe plé a dhéanamh eatarthu féin sula ndéanfaidh siad a ndearcadh a chur in iúl.
- Is féidir leis an múinteoir cuidiú leis na leanaí a ndearcadh a chur in iúl. Tabhair cead dóibh easaontú agus frithargointí a dhéanamh.
- Ag deireadh na díospóireachta, mínígh cé go raibh dearcadh éagsúil ag foirne éagsúla, go bhfuil gach dearcadh luachmhar.

Díospóireacht	Foirne	Gineamh	Gineamh
Fógraíocht 1			
Fógraíocht 2			
Fógraíocht 3			
Fógraíocht 4			

Gníomhaíocht 2.2